2024/2524

27.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2524 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh 2011/166/AE lena mbunaítear SHARE-ERIC

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 6621)

(Is iad na téacsanna Béarla, Bulgáirise, Cróitise, Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Iodáilise, Ollainnise, Polainnise, Seicise, Slóivéinise, Sualainnise agus Ungáirise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail le haghaidh Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a ionchorprú sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) le Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE ([2]).

(2) Bunaíodh an Suirbhé ar Shláinte, Aosú agus Scor san Eoraip mar Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (SHARE-ERIC) le Cinneadh 2011/166/AE ón gCoimisiún ([3]).

(3) Leasaíodh Reachtanna an tSuirbhé ar Shláinte, Aosú agus Scor san Eoraip mar Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (SHARE-ERIC) le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/302/AE ón gCoimisiún ([4]).

(4) An 18 Aibreán 2023 agus an 15 Eanáir 2024 chuir SHARE-ERIC togra faoi bhráid an Choimisiúin chun a Reachtanna a leasú i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

(5) I dtaca le roinnt leasuithe lena gcuirtear feabhas ar rialachas agus ar rannchuidithe SHARE-ERIC agus lena dtugtar roinnt Iarscríbhinní cothrom le dáta, tháinig siad i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

(6) I dtaca le roinnt leasuithe lena gcuirtear síneadh le fad SHARE-ERIC, lena dtugtar isteach mionathruithe ar an oifig chláraithe ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, ar na cúraimí, agus ar na beartais um Meastóireacht Eolaíoch, um Chearta Maoine Intleachtúla agus um Scaipeadh, agus lena dtugtar cothrom le dáta tagairtí do threoracha maidir le soláthar agus díolúintí cánach, is gá formheas an Choimisiúin a fháil.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas, de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009, agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009,

([1]) IO L 206, 8.8.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/723/oj.
([2]) Cinneadh Uimh. 72/2015 ó Chomhchoiste LEE an 20 Márta 2015 lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2016/755] (IO L 129, 19.5.2016, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/755/oj).
([3]) Cinneadh 2011/166/AE ón gCoimisiún an 17 Márta 2011 lena mbunaítear SHARE-ERIC (IO L 71, 18.3.2011, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/166/oj).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/302/AE ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2014 lena leasaítear Cinneadh 2011/166/AE lena mbunaítear SHARE-ERIC (IO L 159, 28.5.2014, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2014/302/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Reachtanna SHARE-ERIC atá i gceangal le Cinneadh 2011/166/AE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, an Ungáir, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine, Ríocht na Sualainne, Stát Iosrael agus Cónaidhm na hEilvéise a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Iliana IVANOVA
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Reachtanna SHARE-ERIC atá i gceangal le Cinneadh 2011/166/AE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(1):

'(1) Is i mBeirlín na Gearmáine a bheidh Oifig Chláraithe na hEagraíochta.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(2):

'(2) Déanfar dearadh SHARE atá ann faoi láthair a uasghrádú go leanúnach de réir na dtoisí seo a leanas:

(a) fad a chur le SHARE le himeacht ama chun fíorphainéal a ghiniúint, ar painéal é a leanann daoine aonair agus iad ag dul in aois agus a fhreagraíonn do na hathruithe sa timpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch.

(b) SHARE a leathnú chun Ballstáit uile an Aontais a áireamh.

(c) samplamhéid SHARE a mhéadú chun gur féidir úsáid a bhaint as an suirbhé le haghaidh anailísí intíre freisin. Go ginearálta, is é a bheidh i méid an spriocshampla 6 000 duine aonair atá 50 bliain d'aois nó níos sine i ngach Ballstát.

(d) leanúint de bheith úrscothach ó thaobh ábhar agus mhodheolaíocht an tsuirbhé de.'

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'*Airteagal 10*

Beartas um Meastóireacht Eolaíoch

(1) Gach 6 bliana, déanfar meastóireacht eolaíoch ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí SHARE-ERIC. Is painéal neamhspleách seachtrach idirnáisiúnta den cháilíocht is airde a dhéanfaidh an mheastóireacht. Déanfaidh an painéal sin an tuarascáil mheastóireachta a chur le chéile agus a chur faoi bhráid na Comhairle.

(2) Leagfar amach an Beartas um Meastóireacht Eolaíoch i bhFodhlíthe SHARE atá le glacadh ag an gComhairle.'

(4) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'(2) Is é SHARE-ERIC úinéir an tSuirbhé agus na sonraí uile a ghabhann leis, lena n-áirítear forlíontáin arna ndeimhniú ag SHARE, meiteashonraí agus parashonraí, gach comhad seoltaí agus naisc, úinéir gach foilseachán arna n-eisiúint ag SHARE-ERIC lena n-áirítear a shuíomhanna gréasáin, agus úinéir gach ceart maoine intleachtúla a eascraíonn as an Suirbhé a bhunú agus a dhéanamh.'

(b) scriostar mír 3.

(5) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'(1) Scaipfidh SHARE-ERIC na sonraí arna mbailiú tar éis glanadh, iontráil bharúlach agus doiciméadacht sonraí de réir Airteagal 4(e) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail le haghaidh Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach, tar éis dlíthe cosanta sonraí idirnáisiúnta agus náisiúnta a chur san áireamh, gan mhoill ar an bpobal eolaíochta.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'(3) Tá úsáid agus bailiú shonraí SHARE faoi réir na ndlíthe Eorpacha agus náisiúnta maidir le cosaint sonraí. Maidir le bailiú agus próiseáil na sonraí náisiúnta, agus maidir le scaipeadh na sonraí ina dhiaidh sin, gníomhaíonn SHARE-ERIC agus Institiúidí na gComhpháirtithe Eolaíocha mar 'rialaitheoirí comhpháirteacha' de bhun Airteagal 26 den Rialachán Ginearálta Eorpach maidir le Cosaint Sonraí. I dtaca leis an úsáid a bhainfidh úsáideoirí nach bhfuil faoi réir reachtaíocht an Chomhphobail as sonraí SHARE, beidh sí ag brath ar dhearbhú rúndachta sonraí a shíniú de réir na foirme arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/914 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 maidir le clásail chonarthacha chaighdeánacha i ndáil le sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).'

(6) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'(4) I dtaca le díolúintí cánach bunaithe ar Airteagal 143(1)(g) agus ar Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle (*), agus ar Airteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle (**), beidh feidhm acu maidir le ceannacháin earraí agus seirbhísí atá le húsáid go hoifigiúil ag SHARE-ERIC, a sholáthraíonn sé agus a n-íocann sé astu agus ar mó an méid CBL atá le haisíoc ina leith ná EUR 25 san iomlán in aghaidh an tsonraisc. Ní rachaidh na díolúintí sin chun tairbhe don soláthar a dhéanann comhaltaí aonair.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír, áfach, ionas go mbeidh de thoradh uirthi iomaíocht a shaobhadh.

_____

(*) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 200628 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).

(**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 201115 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/282/oj).'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'(5) Earraí máil mar a shainmhínítear i bPointí (b) agus (c) d'Airteagal 1(1) de Threoir 2020/262/CE ón gComhairle (*), féadfar díolúine ó íocaíocht dleachta máil a dheonú dóibh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 11(1) den Treoir sin ar choinníoll go bhfuil na hearraí máil sin beartaithe go heisiach d'úsáid oifigiúil SHARE-ERIC agus gurb é SHARE-ERIC a sholáthraíonn iad agus a n-íocann astu.

Ní dheonófar aon díolúine ó íocaíocht dleachtanna máil i gcás earraí máil atá beartaithe d'úsáid phearsanta fhostaithe SHARE-ERIC nó tríú páirtithe.

_____

(*) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 201919 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'(6) Dleachtanna a íoctar ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2020/262/CE, féadfar iad a aisíoc i gcomhréir le Pointe (b) d'Airteagal 11(1) agus le hAirteagal 11(2) den Treoir sin, ar choinníoll go bhfuil na táirgí fuinnimh agus an leictreachas sin beartaithe go heisiach d'úsáid oifigiúil SHARE-ERIC agus gurb é SHARE-ERIC a sholáthraíonn iad agus a n-íocann astu, agus gur mó méid na dleachta ná EUR 25 san iomlán in aghaidh an tsonraisc.

Ní dheonófar aon díolúine ó dhleacht ar tháirgí fuinnimh ná ar leictreachas atá beartaithe d'úsáid phearsanta fhostaithe SHARE-ERIC nó tríú páirtithe.'

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

'*Airteagal 19*

Fad na hEagraíochta

(1) Bunaítear an Eagraíocht ar feadh tréimhse éiginnte ama.

(2) Féadfaidh Páirtí Conarthach tarraingt siar as SHARE-ERIC trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach 24 mhí roimh ré. Beidh dáta an tarraingt siar i gcomhthráth le deireadh aon timthrialla amháin de SHARE.

(3) Le tairiscint lena sonraítear an nós imeachta agus an tráthchlár, má fhormheasann an Chomhairle í le tromlach dhá thrian, is féidir an Eagraíocht a fhoirceannadh.

(4) Tabharfar fógra don Choimisiún Eorpach faoi aon chinneadh den sórt sin laistigh de 10 lá tar éis a dhéanta, de bhun Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle maidir le creat dlíthiúil an Chomhphobail le haghaidh Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach. Gan moill mhíchuí tar éis an nós imeachta foirceanta a dhúnadh, agus in aon chás laistigh de 10 lá tar éis an dúnta sin, cuirfidh an ERIC an méid sin in iúl don Choimisiún.'